2025/1751

13.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1751 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Lúnasa 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 liostaítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 5 Lúnasa 2025, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe leasú a dhéanamh ar iontráil amháin ina liosta daoine agus eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1210/oj.

IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú mar a leanas:

‘90. Bashar Sabawi Ibrahim Hasan Al-Tikriti (dar comhainm (a) Bashar Sab’awi Ibrahim Hasan Al-Tikriti, (b) Bashir Sab’awi Ibrahim Al-Hasan Al-Tikriti, (c) Bashir Sabawi Ibrahim Al-Hassan Al-Tikriti, (d) Bashar Sabawi Ibrahim Hasan Al-Bayjat, (e) Ali Zafir Abdullah). Dáta breithe: 17.7.1970. Áit bhreithe: Bagdad, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Seoltaí: (a) Fuad Dawod Farm, Az Zabadani, an Damaisc, an tSiria, (b) Béiriút, an Liobáin. Faisnéis eile: Mac le Sabawi Ibrahim Hasan Al-Tikriti, iarchomhairleoir Uachtaránachta do Saddam Hussein.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘90. Bashar Sabawi Ibrahim Hasan Al-Tikriti (dar comhainm (a) Bashar Sab’awi Ibrahim Hasan Al-Tikriti, (b) Bashir Sab’awi Ibrahim Al-Hasan Al-Tikriti, (c) Bashir Sabawi Ibrahim Al-Hassan Al-Tikriti, (d) Bashar Sabawi Ibrahim Hasan Al-Bayjat, (e) Ali Zafir Abdullah, (f) Bashar Al-Nasiri). Dáta breithe: 17.7.1970. Áit bhreithe: Bagdad, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Seoltaí: (a) Fuad Dawod Farm, Az Zabadani, an Damaisc, an tSiria, (b) Béiriút, an Liobáin. Faisnéis eile: Mac le Sabawi Ibrahim Hasan Al-Tikriti, iarchomhairleoir Uachtaránachta do Saddam Hussein.’.